Leasú 58
Bas Eickhout
thar ceann Ghrúpa Verts/ALE

Tuarascáil **A8-0175/2019**
Bas Eickhout
Creat a bhunú chun infheistíocht inbhuanaithe a éascú
(COM(2018)0353 – C8-0207/2018 – 2018/0178(COD))

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – mír 2 – pointe b a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(b a) institiúidí creidmheasa;

Or. en

Leasú 59
Bas Eickhout
thar ceann Ghrúpa Verts/ALE

Tuarascáil **A8-0175/2019**
Bas Eickhout
Creat a bhunú chun infheistíocht inbhuanaithe a éascú
(COM(2018)0353 – C8-0207/2018 – 2018/0178(COD))

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – mír 2 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	2 a. Déanfaidh an Coimisiún gníomh tarmligthe a ghlacadh chun sonrú a dhéanamh ar an bhfhaisnéis a chuirfidh rannpháirtithe margaidh isteach chuig na húdaráis inniúla ábhartha chun críche phointe (a) de mhír 2.

Or. en

Leasú 60
Bas Eickhout
thar ceann Ghrúpa Verts/ALE

Tuarascáil **A8-0175/2019**
Bas Eickhout
Creat a bhunú chun infheistíocht inbhuanaithe a éascú
(COM(2018)0353 – C8-0207/2018 – 2018/0178(COD))

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 2 – mír 1 – pointe b a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(b a) ciallaíonn 'institiúid chreidmheasa' institiúid faoi mar a shainmhínítear i bpointe (1) d'Airteagal 4(1) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[48a];
	_____
	[48A] Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 maidir le ceanglais stuamachta i gcomhair institiúidí creidmheasa agus gnólachtaí infheistíochta, agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 (Téacs atá ábhartha maidir le LEE) (IO L 176, 27.6.2013, lch. 1)

Or. en

Leasú 61
Bas Eickhout
thar ceann Ghrúpa Verts/ALE

Tuarascáil **A8-0175/2019**
Bas Eickhout
Creat a bhunú chun infheistíocht inbhuanaithe a éascú
(COM(2018)0353 – C8-0207/2018 – 2018/0178(COD))

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 2 – mír 1 – pointe n

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(n) ciallaíonn 'bainistiú inbhuanaithe ar fhoraoisí' úsáid a bhaint as foraoisí agus talamh foraoise ar bhealach***, agus ar ráta,*** lena gcoinnítear a mbithéagsúlacht, a dtáirgiúlacht, a gcumas athghiniúna, a mbeogacht agus a gcumas chun feidhmeanna ábhartha éiceolaíocha, eacnamaíocha agus sóisialta a chomhlíonadh, anois agus amach anseo, ar an leibhéal áitiúil, ar an leibhéal náisiúnta agus ar an leibhéal domhanda, agus nach bhfágtar dá mbarr go ndéantar damáiste d'éiceachórais eile.	(n) ciallaíonn ‘bainistiú inbhuanaithe ar fhoraoisí’ úsáid a bhaint as foraoisí agus talamh foraoise***,*** ar bhealach lena gcoinnítear ***agus lena n-athbhunaítear*** a mbithéagsúlacht, a dtáirgiúlacht, a gcumas athghiniúna, a mbeogacht agus a gcumas chun feidhmeanna ábhartha éiceolaíocha, eacnamaíocha agus sóisialta a chomhlíonadh ***agus a sholáthar ar an scála céanna ar a laghad***, anois agus amach anseo, ar an leibhéal áitiúil, ar an leibhéal náisiúnta agus ar an leibhéal domhanda, agus nach bhfágtar dá mbarr go ndéantar damáiste d’éiceachórais eile***, ag cur san áireamh ag an am céanna Rialachán (AE) Uimh. 995/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle [52a], Rialachán (AE) 2018/841 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle [52ab], Treoir 2009/28/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[52ac], agus reachtaíocht ábhartha náisiúnta is infheidhme atá i gcomhréir leis na gníomhartha dlíthiúla sin agus le conclúidí na Comhdhála Aireachta um Chosaint Foraoisí san Eoraip (MCPFE)***.

_____

[52a] Rialachán (AE) Uimh. 995/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Deireadh Fómhair

2010 lena leagtar síos oibleagáidí na n-oibreoirí a chuireann adhmad agus táirgí adhmaid ar an margadh (IO L 295, 12.11.2010, lch. 23)

[52Ab] Rialachán (AE) 2018/841 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2018 maidir le hastaíochtaí agus aistrithe gás ceaptha teasa ó úsáid talún, athrú ar úsáid talún agus foraoiseacht a chur san áireamh i gcreat 2030 don aeráid agus don fhuinneamh, agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 525/2013 agus Cinneadh Uimh. 529/2013/AE (IO L 156, 19.6.2018, lch. 1)

[52ac] Treoir 2009/28/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Aibreán 2009 maidir le húsáid fuinnimh ó fhoinsí inathnuaite a chur chun cinn agus lena leasaítear agus lena n-aisghairtear ina dhiaidh sin Treoir 2001/77/CE agus Treoir 2003/30/CE (IO L 140, 5.6.2009, lch. 16)

Or. en

Leasú 62
Bas Eickhout
thar ceann Ghrúpa Verts/ALE

Tuarascáil **A8-0175/2019**
Bas Eickhout
Creat a bhunú chun infheistíocht inbhuanaithe a éascú
(COM(2018)0353 – C8-0207/2018 – 2018/0178(COD))

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 3 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	Airteagal 3 a
	Critéir le haghaidh gníomhaíochtaí eacnamaíocha a bhfuil drochthionchar suntasach acu ar an gcomhshaol
	Chun críocha inbhuanaitheacht comhshaoil infheistíochta a shuíomh, measfar gníomhaíocht eacnamaíoch a bheith ina gníomhaíocht eacnamaíoch a bhfuil drochthionchar suntasach aici ar an gcomhshaol i gcás ina gcomhlíonann an ghníomhaíocht sin aon cheann de na critéir seo a leanas:
	(a) déanann an ghníomhaíocht eacnamaíoch dochar suntasach d'aon cheann de na cuspóirí comhshaoil a leagtar amach in Airteagal 5 agus dá dtagraítear in Airteagal 12;
	(b) comhlíonann an ghníomhaíocht eacnamaíoch na critéir scagtha theicniúla i gcomhair gníomhaíochtaí a dhéanann dochar suntasach, i gcás inar shonraigh an Coimisiún na critéir sin i gcomhréir le hAirteagail 6(2), 7(2), 8(2), 9(2), 10(2), 11(2) agus 12(3).

Or. en

Leasú 63
Bas Eickhout
thar ceann Ghrúpa Verts/ALE

Tuarascáil **A8-0175/2019**
Bas Eickhout
Creat a bhunú chun infheistíocht inbhuanaithe a éascú
(COM(2018)0353 – C8-0207/2018 – 2018/0178(COD))

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 3 b (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	Airteagal 3 b
	Critéir le haghaidh gníomhaíochtaí eacnamaíocha a bhfuil drochthionchar suntasach acu ar an gcomhshaol
	Faoin [dáta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo], seolfaidh an Coimisiún measúnú tionchair ar athbhreithniú ar an Rialachán seo chun an creat i gcomhair infheistíochtaí inbhuanaithe a mhéadú le creat a úsáidtear chun critéir a chinneadh i dtaca le cathain agus conas a imríonn gníomhaíocht eacnamaíoch drochthionchar suntasach ar inbhuanaitheacht.

Or. en

Leasú 64
Bas Eickhout
thar ceann Ghrúpa Verts/ALE

Tuarascáil **A8-0175/2019**
Bas Eickhout
Creat a bhunú chun infheistíocht inbhuanaithe a éascú
(COM(2018)0353 – C8-0207/2018 – 2018/0178(COD))

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 4 – mír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
2. I gcás rannpháirtithe sa mhargadh airgeadais a thairgeann táirgí airgeadais mar infheistíochtaí atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de**,** nó mar infheistíochtaí a bhfuil ***tréithe comhchosúla leo, nochtfaidh siad faisnéis i ndáil leis an dóigh agus lena mhéid a úsáidtear*** na critéir ***maidir le gníomhaíochtaí eacnamaíocha atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de*** a leagtar amach in Airteagal 3 ***chun inbhuanaitheacht comhshaoil na hinfheistíochta a chinneadh***. I gcás ina measann rannpháirtithe sa mhargadh airgeadais, maidir le gníomhaíocht eacnamaíoch ***nach gcomhlíonann na critéir scagtha theicniúla a leagtar amach i gcomhréir leis an Rialachán seo nó*** nach bhfuil na critéir scagtha theicniúla ***sin*** bunaithe fós ina leith, gur cheart í a mheas mar cheann atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de, ***féadfaidh*** siad an Coimisiún a chur ar an eolas faoi sin.	2. Déanfaidh rannpháirtithe sa mhargadh airgeadais a thairgeann táirgí airgeadais ***nó bannaí corparáideacha an fhaisnéis ábhartha a nochtadh, lena lamháiltear dóibh a shuí arb ionann na táirgí a thairgeann siad*** agus infheistíochtaí atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de ***de bhun chritéir Airteagal 3***, nó arb ionann iad agus infheistíochtaí ***a bhfuil drochthionchar suntasach acu ar an gcomhshaol de bhun*** na gcritéar a leagtar amach in Airteagal ***3a***. I gcás ina measann rannpháirtithe sa mhargadh airgeadais, maidir le gníomhaíocht eacnamaíoch nach bhfuil critéir scagtha theicniúla bunaithe fós ina leith, gur cheart í a mheas mar cheann atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de, ***déanfaidh*** siad an Coimisiún a chur ar an eolas faoi sin. ***I gcás inarb iomchuí, tabharfaidh an Coimisiún fógra don Ardán maidir le Maoiniú Inbhuanaithe dá dtagraítear in Airteagal 15 i ndáil le hiarrataí den sórt sin ó na rannpháirtithe sa mhargadh airgeadais. Ní thairgfidh rannpháirtithe sa mhargadh airgeadais táirgí airgeadais mar infheistíochtaí atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de nó mar infheistíochtaí a bhfuil tréithe comhchosúla acu, mura bhfuil na táirgí sin cáilithe mar tháirgí atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de.***

Or. en

Leasú 65
Bas Eickhout
thar ceann Ghrúpa Verts/ALE

Tuarascáil **A8-0175/2019**
Bas Eickhout
Creat a bhunú chun infheistíocht inbhuanaithe a éascú
(COM(2018)0353 – C8-0207/2018 – 2018/0178(COD))

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 4 – mír 2 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	2 a. Nochtfaidh institiúidí creidmheasa an sciar dá n-iasachtú corparáideach a mhaoiníonn gníomhaíochtaí eacnamaíocha atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de mar aon leis an sciar dá n-iasachtú corparáideach a mhaoiníonn gníomhaíochtaí eacnamaíocha a bhfuil drochthionchar suntasach acu ar an gcomhshaol.

Or. en

Leasú 66
Bas Eickhout
thar ceann Ghrúpa Verts/ALE
Simona Bonafè, Elena Gentile
thar ceann Ghrúpa S&D

Tuarascáil **A8-0175/2019**
Bas Eickhout
Creat a bhunú chun infheistíocht inbhuanaithe a éascú
(COM(2018)0353 – C8-0207/2018 – 2018/0178(COD))

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 6 – mír 1 – pointe b

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(b) éifeachtúlacht fuinnimh a fheabhsú;	(b) éifeachtúlacht fuinnimh a fheabhsú ***i ngach earnáil, seachas giniúint fuinnimh a úsáideann breoslaí iontaise soladacha, agus ag gach céim den slabhra fuinnimh, chun tomhaltas príomhúil fuinnimh agus tomhaltas deiridh fuinnimh a laghdú***;

Or. en

Leasú 67
Bas Eickhout
thar ceann Ghrúpa Verts/ALE

Tuarascáil **A8-0175/2019**
Bas Eickhout
Creat a bhunú chun infheistíocht inbhuanaithe a éascú
(COM(2018)0353 – C8-0207/2018 – 2018/0178(COD))

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 11 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	Airteagal 11 a
	Rannchuidiú mór le cuspóirí sóisialta
	1. Measfar go rannchuidíonn gníomhaíocht eacnamaíoch go mór le cuspóirí sóisialta trí aon cheann de na modhanna seo a leanas:
	(a) rochtain chothromasach ar bhia inacmhainne, sábháilte, leordhóthanach agus cothaitheach a chur chun cinn agus/nó slándáil bia a áirithiú;
	(b) rochtain chothromasach ar sheirbhísí sláinte agus ar chumhdach uilíoch sláinte a chur chun cinn;
	(c) rochtain cothromasach ar oideachas agus oiliúint a chur chun cinn;
	(d) rochtain cothromasach ar chosaint shóisialta a chur chun cinn;
	(e) rochtain cothromasach ar thithíocht leormhaith agus inacmhainne a chur chun cinn;
	(f) rochtain chothromasacha ar bhunseirbhísí fíor-riachtanacha, lena n-áirítear uisce, sláintíocht, fuinneamh, iompar, seirbhísí airgeadais agus cumarsáid dhigiteach, a chur chun cinn;
	(g) tacú le forbairt a dhéanamh ar eagraíochtaí den gheilleagar sóisialta agus ar fhiontair shóisialta.

2. Glacfaidh an Coimisiún gníomh tarmligthe i gcomhréir le hAirteagal 16 chun:

(a) mír 1 a fhorlíonadh chun critéir scagtha theicniúla bunaithe ar tháscairí a bhunú le coinníollacha a chinneadh, ar coinníollacha iad faoina measfar, chun críocha an Rialacháin seo, go rannchuidíonn gníomhaíocht eacnamaíoch shonrach go mór le cuspóirí sóisialta.

(b) Airteagal 12 a fhorlíonadh chun critéir scagtha theicniúla bunaithe ar tháscairí a bhunú, maidir le gach cuspóir sóisialta nó comhshaoil ábhartha, lena chinneadh an measfar, chun críche an Rialacháin seo, go ndéanann gníomhaíocht eacnamaíoch a bhfuil critéir scagtha bunaithe ina leith de bhun phointe (a) den mhír seo dochar suntasach do cheann amháin nó níos mó de na cuspóirí sóisialta nó comhshaoil.

3. Bunóidh an Coimisiún na critéir scagtha theicniúla bunaithe ar tháscairí dá dtagraítear i mír 2 le chéile in aon ghníomh tarmligthe amháin, agus na ceanglais a leagtar síos in Airteagal 14 á gcur san áireamh aige.

4. Glacfaidh an Coimisiún an gníomh tarmligthe dá dtagraítear i mír 2 faoin 1 Iúil 2022, d'fhonn a áirithiú go dtiocfaidh sé i bhfeidhm an 31 Nollaig 2022.

Or. en